

## Ceartha an Linbh

Is ceist ríthábhachtach é cearta an linbh trasna gach réimse beartais agus forbairt beartais. Tá sé riachtanach go ndíríonn gach beartas, nós imeachta agus cleachtas ar an leanbh. Is tréimhse an-tábhachtach i saol an linbh é an tréimhse ón mbreith go dtí sé bliana d'aois. Léiríonn taighde go bhfuil luathbhlianta na leanbaíochta fíorthábhachtach ó thaobh fhorbairt na hinchinne de. Forbraíonn an inchinn níos tapúla le linn na mblianta sin ná ag aon tráth eile níos déanaí, agus tá a fhios againn go bhfuil tionchar mór ag timpeallacht agus taithí luath an linbh ar an bhforbairt sin.

Is éard is **ceart** ann ná leas atá tábhachtach go leor chun dualgas a chur ar dhaoine eile rudaí áirithe a dhéanamh, nó a chur ar fáil, d'fhonn an leas sin a chosaint agus cur ar chumas an tsealbhóra chirt an leas sin a bheith acu.

De ghnáth, sainaithnítear **ceart daonna** mar cheart doshannta bunúsach a bhfuil duine ina theideal go nádúrtha ós rud é gur duine daonna é/í.

Tá cearta daonna ag gach uile dhuine beag beann ar a n-aois. Tá cearta ar leith ag leanaí óga, mar tá siad níos leochailí agus níos spleáiche mar gheall ar a n-aois.

Tá sé tábhachtach go bhfuil gach soláthraí seirbhísí do leanaí agus gach oideoir agus cúramóir luathbhlianta ar an eolas faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNAACL) a shínigh Éire sa bhliain 1992.

Cuireann an CNAACL caighdeán a bhfuil glacadh leis go hidirnáisiúnta lena gcur i bhfeidhm maidir le bunchearta daonna a bhaineann le leanaí. Sainmhíníonn sé leanbh mar aon duine faoi ocht mbliana déag d'aois. Déanann an CNAACL cur síos ar na cearta ar leith atá ag leanaí, lena n-áirítear a gceart páirt a ghlacadh i ndaonlathas ar bhealach a oireann a n-aois agus a n-aibíocht. Tugann sé dúshlán rialtas, grúpaí eile agus daoine eile a dtuairimí a cheistiú, agus tá meas aige ar leanaí mar dhaoine iad féin inniu seachas cad a bheidh siad amárach.

Tá 41 airteagal ann, agus déanann gach airteagal cur síos ar chineál difriúil cirt. Ní dhéantar na cearta sin a chur in ord tábhachta; seachas sin, tá caidreamh acu lena chéile agus is sraith amháin cearta é. Áirítear leo cearta marthanais, cearta forbartha, cearta cosanta agus cearta rannpháirteachais.

Bhí tionchar suntasach ag an CNAACL ar roinnt réimsí, lena n-áirítear dlí, leas agus sláinte. Éilíonn sé go bhfuil meas ar leanaí, **na leanaí is óige ina measc**, mar dhaoine as a gceart féin. Tá riachtanais ar leith ag daoine óga ar chothú fisiciúil, cúram mothúchánach agus treoir íogair chomh maith le ham agus spás le haghaidh imirt shóisialta, taiscéalaíochta agus foghlama.

Tá tábhacht ar leith ag baint le **hAirteagal 3 agus Airteagal 12** maidir le hoideachas luath-óige agus soláthar cúraim:

- **Airteagal 3** – Maítear san airteagal seo nach mór go mbeadh leas an linbh an cheist is tábhachtaí i ngach gníomh a bhaineann le leanaí. Maíonn
- **Airteagal 12** nach mór dearcadh an linbh a chur san áireamh maidir leis na cúrsaí ar fad a bhfuil tionchar acu air/uirthi.

(Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe [NA], 1989)

**Airteagal 12** – Breathnaítear air mar an chloch choirnéil den Choinbhinsiún (Freeman, 1996<sup>1</sup>). Aithníonn sé pearsantacht agus neamhspleáchas leanaí - 'leanaí mar dhaoine agus ní hamháin ábhair inní' - agus gur cheart éisteacht le leanaí.

**Airteagal 13** – Tá an t-airteagal seo chomh tábhachtach céanna ó thaobh cearta leanaí a leagan amach maidir le faisnéis a thabhairt agus a fháil.

**Airteagal 29** – San airteagal seo deirtear gur cheart oideachas an linbh a dhíriú ar 'phearsantacht, buanna, cumas intinne agus cumas fisiceach an linbh a fhorbairt chomh fada agus is féidir'. D'fhonn Airteagal 29 a chomhlíonadh ar bhealach leordhóthanach ionas go mbaineann leanaí na caighdeáin gnóthachtála oideachais is fearr is féidir amach, ní mór go mbeidís i dtimpeallacht shaibhir le linn a naíonachta agus a luath-óige.

*Le ceart an rannpháirteachais a bhaint amach, ní mór do dhaoine fásta meon atá dírithe ar an leanbh a ghlacadh, éisteacht le leanaí óige agus meas a bheith acu ar a ndínit agus a dtuairimí aonair. Chomh maith leis sin, ní mór do dhaoine fásta foighne agus cruthaitheacht a léiriú tríd an méid a bhfuil siad ag súil leis a chur in oiriúint do leas an linbh, leibhéil tuisceana an linbh agus na bealaí is fearr leis an leanbh cumarsáid a dhéanamh... Ba cheart an ceart chun tuairimí agus mothúcháin a chur in iúl a fhréamhú i saol laethúil an linbh sa mbaile... agus ina p(h)obal; **laistigh den réimse iomlán d'áiseanna sláinte, cúraim agus oideachais luath-óige...***

(Coiste CNAACL um Chearta Leanaí, 2005)

I ndlí na hÉireann, thug Airteagal 42A.1 ráiteas follasach isteach i mBunreacht na hÉireann sa bhliain 2012. D'aithin sé agus dhearbhaigh sé go bhfuil cearta nádúrtha agus dochloíte ag leanaí, agus mhaígh sé go bhfuil dualgas ar an Stát a chinntiú, chomh fada agus is féidir, go ndéanfar na cearta sin a chosaint agus a chomhlíonadh. Is forbairt an-tábhachtach é sin ar dhlí bunreachtúil na hÉireann maidir le cearta an linbh a chosaint.

[Achoimre ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh](#) ar shuíomh gréasáin an Ombudsman do Leanaí.

Chomh maith leis sin tá [póstaer maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh](#) ar féidir leat é a chur ar taispeáint i do sheirbhís.

<sup>1</sup> Freeman, M. (1996). *Children's rights: A comparative perspective*. Brookfield, VT: Dartmouth